Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2022**

Centre Number

Candidate Number

# Irish

## Unit 3: Reading
## Higher Tier

**[GIH32]**

*GIH32*

**TUESDAY 31 MAY, MORNING**

**TIME**

1 hour.

**INSTRUCTIONS TO CANDIDATES**

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
**Write your answers in the spaces provided in this question paper.**
**Do not write outside the boxed area on each page or on blank pages.**
Complete in black ink only. **Do not write with a gel pen.**
Answer **all twelve** questions.

**INFORMATION FOR CANDIDATES**

The total mark for this paper is 60.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
Use of a dictionary is **not** permitted.

13170

Answer **all** questions.

## Section A

Questions and answers **in Irish**.

**1 Siopa cártaí**



Léann tú an fógra seo ar líne.

> **Cártaí na nGael**
> **Siopa cártaí do dhaoine le Gaeilge**
>
> An bhfuil cárta de dhíth ort d'ócáid speisialta?
>
> Má tá breithlá, An Nollaig, post úr nó teach nua i gceist, tá an cárta cuí againn!
>
> Tá réimse leathan bronntanas againn chomh maith agus tá lacáiste fiche faoin chéad ar gach rud an tseachtain seo amháin.
>
> Suite san ionad siopadóireachta in aice leis an tsiopa éadaí.
>
> Oscailte gach lá ach amháin an Luan.
>
> Oíche mhall gach Céadaoin go dtí leath i ndiaidh a hocht.

Cuir tic [✓] sa bhosca cheart i ngach cás.

**(a)** Díolann an siopa cártaí don ócáid seo:

**(i)**  ☐

**(ii)**  ☐

**(iii)**  ☐

[1]

13170

**(b)** Chomh maith le cártaí, díolann an siopa

**(i)**  ☐ **(ii)**  ☐ **(iii)**  ☐ [1]

**(c)** An tseachtain seo, gheobhaidh tú lacáiste

**(i)** 10% ☐ **(ii)** 20% ☐ **(iii)** 30% ☐ [1]

**(d)** Tá an siopa cártaí suite in aice le siopa

**(i)**  ☐ **(ii)**  ☐ **(iii)**  ☐ [1]

**(e)** Níl an siopa oscailte ar

**(i)** an tSatharn ☐ **(ii)** an Domhnach ☐ **(iii)** an Luan ☐ [1]

**(f)** Gach Céadaoin, druideann an siopa ar

**(i)** 8.15 ☐ **(ii)** 8.30 ☐ **(iii)** 8.45 ☐ [1]

## 2 Dinnéar an Domhnaigh



Léigh an biachlár agus freagair na ceisteanna.

**Óstán - Cois na Life**
**ar bhruach na habhann**

Bainisteoir – Liam Ó Néill
Biachlár an Domhnaigh ar fáil 1.30 – 3.30 pm

**Cúrsa tosaigh:** Anraith trátaí
Arán gairleoige

**Príomhchúrsa:** Stéig
Uaineoil
Sicín rósta

Gach rud le cairéid, piseanna, brúitín agus prátaí rósta.

**Milseog:** Toirtín úll
Císte seacláide

(Iarr uachtar nó uachtar reoite ar an fhreastalaí más maith leat)

Daoine fásta: £20
Biachlár speisialta do pháistí faoina dó dhéag: £10

Pioc an focal/an frása ceart agus scríobh an litir sa bhosca.

**(a)** Tá an t-óstán suite [ ] . [1]

| | | |
|---|---|---|
| **A** cois farraige | **B** faoin tuath | **C** in aice le habhainn |

**(b)** Bíonn Liam Ó Néill [ ] san óstán. [1]

| | | |
|---|---|---|
| **A** ag obair | **B** ag fanacht | **C** ag seinm |

**(c)** Tá an biachlár seo ar fáil [ ] sa tseachtain. [1]

| | | |
|---|---|---|
| **A** lá amháin | **B** cúpla lá | **C** gach lá |

**(d)** Tá an dinnéar ar fáil ó [ ] . [1]

| | | |
|---|---|---|
| **A** 1.30 | **B** 2.30 | **C** 3.30 |

**(e)** Faigheann tú [ ] le gach príomhchúrsa. [1]

| | | |
|---|---|---|
| **A** deoch | **B** glasraí | **C** anlann |

**(f)** Tá biachlár speisialta ar fáil [ ] . [1]

| | | |
|---|---|---|
| **A** do sheandaoine | **B** do dhaoine óga | **C** do dhaoine fásta |

**3 An teaghlach**

Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna.



*Is mise Máirín. Tá mé cúig bliana déag. Tá suim agam sa mharcaíocht agus tá capall deas agam. Imrím líonpheil ar fhoireann na scoile fosta.*

*Sa teaghlach s'againne tá triúr cailíní, mise san áireamh, gasúr amháin agus mo thuismitheoirí. Is é Maitiú an duine is sine agus tá sé ar an ollscoil. Ba mhaith leis bheith ina dhlíodóir. Bhí sé naoi mbliana déag i mí an Mhárta.*

*Tá Cáit dhá bhliain níos óige ná sin agus tá sí ar an mheánscoil go fóill. Ba mhaith léi post mar dhochtúir. Tá mo dheirfiúr eile, Dearbhla, ar an bhunscoil. Is breá léi an stair ach níl dúil dá laghad aici sa tíreolaíocht.*

*Máirín Nic Gabhann*

Cuir tic [✓] sa bhosca cheart i ngach cás.

**(a) (i)** Imríonn Máirín líonpheil dá club. ☐

**(ii)** Imríonn Máirín líonpheil dá scoil. ☐

**(iii)** Imríonn Máirín líonpheil dá teaghlach. ☐ [1]

**(b) (i)** Tá deartháir amháin ag Máirín. ☐

**(ii)** Tá beirt deartháireacha ag Máirín. ☐

**(iii)** Níl deartháir ar bith ag Máirín. ☐ [1]

**(c)** **(i)** Ba mhaith le Maitiú post i ngaráiste. ☐

**(ii)** Ba mhaith le Maitiú post sa chúirt. ☐

**(iii)** Ba mhaith le Maitiú post i siopa. ☐ [1]

**(d)** **(i)** Tá suim ag Cáit bheith ag obair le custaiméirí. ☐

**(ii)** Tá suim ag Cáit bheith ag obair le daoine tinne. ☐

**(iii)** Tá suim ag Cáit bheith ag obair le bia. ☐ [1]

**(e)** **(i)** Is í Máirín an duine is óige sa teaghlach. ☐

**(ii)** Is é Maitiú an duine is óige sa teaghlach. ☐

**(iii)** Is í Dearbhla an duine is óige sa teaghlach. ☐ [1]

**(f)** **(i)** Níl suim ar bith ag Dearbhla sa tíreolaíocht. ☐

**(ii)** Níl suim ar bith ag Dearbhla sa stair. ☐

**(iii)** Níl suim ar bith ag Dearbhla sa Spáinnis. ☐ [1]

## 4 Páirc an Chrócaigh

Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna.




Is breá le muintir na hÉireann an spórt. Cé go bhfuil Páirc an Chrócaigh ar cheann de na hionaid spóirt is mó sa tír seo, níl ach thart faoi ochtó míle cathaoir san áit. Imrítear peil Ghaelach, camógaíocht agus iománaíocht ann. Gach bliain téann na mílte daoine ann le tacaíocht a thabhairt dá gcontae nó dá gclub féin.

Ar lá an chluiche, caitheann daoine dathanna an chontae agus bíonn bratacha, hataí agus scairfeanna le feiceáil gach áit. Chomh maith leis sin, bíonn ispíní agus sceallóga ar díol ar gach coirnéal sráide.

Is lá mór don teaghlach é gan amhras ach bíonn sé iontach daor. Don chluiche ceannais anuraidh, bhí nócha euro ar thicéad do dhaoine fásta agus tríocha euro do dhéagóirí. Sin ráite, má bhíonn do chontae féin sa chluiche ceannais, ní miste leat an praghas sin a íoc mar bíonn sé deacair ticéad a fháil. Mar thoradh, ní fhaigheann gach duine ticéad.

Cuir tic [✓] sa bhosca cheart i ngach cás.

**(a)** **(i)** Is cuma le muintir na hÉireann faoin spórt. ☐

**(ii)** Tá spéis ag muintir na hÉireann sa spórt. ☐

**(iii)** Ní maith le muintir na hÉireann an spórt. ☐ [1]

**(b)** **(i)** Tá go leor spáis sa staidiam do 80 000 duine. ☐

**(ii)** Tá go leor spáis sa staidiam do 90 000 duine. ☐

**(iii)** Tá go leor spáis sa staidiam do 100 000 duine. ☐ [1]

**(c)** **(i)** Is féidir leat bia a cheannach ar lá an chluiche. ☐

**(ii)** Ní bhíonn bia ar fáil ar lá an chluiche. ☐

**(iii)** Caithfidh tú bia a thabhairt leat ar lá an chluiche. ☐ [1]

**(d)** **(i)** Ní bhíonn sé costasach freastal ar chluichí i bPáirc an Chrócaigh. ☐

**(ii)** Ní chosnaíonn sé ach cúpla euro freastal ar chluichí i bPáirc an Chrócaigh. ☐

**(iii)** Bíonn sé costasach freastal ar chluichí i bPáirc an Chrócaigh. ☐ [1]

**(e)** **(i)** Bíonn ticéad don chluiche níos daoire do dhéagóirí. ☐

**(ii)** Bíonn ticéad don chluiche níos saoire do dhéagóirí. ☐

**(iii)** Cosnaíonn na ticéid an praghas céanna do gach duine. ☐ [1]

**(f)** **(i)** Bíonn go leor ticéad ar fáil don chluiche ceannais. ☐

**(ii)** Bíonn barraíocht ticéad ar fáil don chluiche ceannais. ☐

**(iii)** Ní bhíonn go leor ticéad ar fáil don chluiche ceannais. ☐ [1]

## Section B

Questions and answers **in English**.

**5 Advice from the council**



You read a leaflet that the local council has issued.

Translate the following sentences **into English**.

Write your answers in the spaces below.

**(a)** Tá fadhb an bhruscair go holc.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(b)** Ná caith páipéar ar na sráideanna.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(c)** Úsáid málaí plaisteacha arís.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**(d)** Déan athchúrsáil go rialta.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

## 6 Lunchtime



Three young people order their lunch in the school canteen.

| | |
|---|---|
| **Peadar:** | Ba mhaith liom ceapaire le do thoil. Ní maith liom anraith an lae. |
| **Mícheál:** | An dtig liom ubh agus arán rósta a fháil le do thoil mar ní ithim feoil? |
| **Áine:** | Ba bhreá liomsa anraith leis féin mar bhí bricfeasta mór agam ar maidin. |

Tick [✓] the correct box in each of the following.

**(a)** Peadar would like

**(i)** 

**(ii)** 

**(iii)** 

[1]

**(b)** Mícheál would like

**(i)** 

**(ii)** 

**(iii)** 

[1]

**(c)** Áine would like

**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



[1]

**7 Social media**



Your school provides you with the following information leaflet.

# A Scoláirí! A Dhéagóirí! A Dhaoine óga!

## Ná cuirigí bhur gcuid ama amú ar na meáin shóisialta.

Léiríonn staitisticí anois go gcaitheann daoine óga trí uair an chloig ar na suíomhanna sóisialta gach lá.

Tá guthán cliste ag nócha a hocht faoin chéad de dhaoine óga.

Is í an bhulaíocht an míbhuntáiste is mó a bhaineann leis na meáin shóisialta.

Bígí ciallmhar. Cuirigí síos na gutháin agus labhraígí le bhur gcairde, duine le duine.

Answer the questions **in English**.

**(a)** What advice is given about social media at the start of the leaflet?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**(b)** What do 98% of young people have?

______________________________________________________________________ [1]

**(c)** What is the main disadvantage of using social media, according to the leaflet?

______________________________________________________________________ [1]

**8 Voluntary work**



You see the following information on a school notice board.

Tá grúpa deonach sa scoil s'againne a chuidíonn le daoine bochta ar fud an Tuaiscirt. De ghnáth, bailíonn an grúpa airgead i rith na bliana. Eagraíonn siad ceolchoirmeacha, comórtais agus imeachtaí éagsúla anois agus arís. Ceannaíonn siad rudaí de gach sórt do theaghlaigh bhochta; mar shampla, tugann siad bréagáin, earraí níocháin agus troscán amach dóibh. Maith iad!

Answer the following questions **in English**.

**(a)** Which type of people does the voluntary group help?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Name **one** way in which the voluntary group raises money.

_______________________________________________ [1]

**(c)** Name **two** items that the voluntary group buys with the money it raises.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**BLANK PAGE**

**DO NOT WRITE ON THIS PAGE**

**(Questions continue overleaf)**

**9 Environmental issues**



Some young people talk about their concerns for the environment.

| |
|---|
| *Cuireann an aimsir in Éirinn imní orm sa lá atá inniu ann. Sílim féin go bhfuil sé níos stoirmiúla agus go mbíonn i bhfad níos mó sneachta ar an talamh i rith an gheimhridh.* <br> *Maitiú, 15* |

| |
|---|
| *Deir mo mhúinteoir ar scoil go bhfuil sé in am dúinn úsáid a bhaint as fuinneamh in-athnuaite; mar shampla, ó chumhacht ghaoithe nó ón ghrian.* <br> *Ciara, 16* |

| |
|---|
| *Le bheith ionraic, tá mise buartha faoin bhruscar agus faoin truailliú atá le feiceáil thart faoin áit. Ba cheart do dhaoine níos mó athchúrsála a dhéanamh.* <br> *Máire, 15* |

Tick [✓] the correct box in each of the following.

**(a)** **(i)** Maitiú thinks that the weather is improving. ☐

**(ii)** Maitiú thinks that the weather is staying the same. ☐

**(iii)** Maitiú thinks that the weather is becoming worse. ☐ [1]

**(b)** **(i)** Ciara's teacher doesn't like fossil fuels. ☐

**(ii)** Ciara's teacher wants people to use renewable energy. ☐

**(iii)** Ciara's teacher thinks that people waste too much energy. ☐ [1]

**(c)** **(i)** Máire is concerned about climate change. ☐

**(ii)** Máire is concerned about greenhouse gases. ☐

**(iii)** Máire is concerned about pollution. ☐ [1]

**10 Future plans**



You see the following information at a stall during a careers fair.

## A Scoláire GCSE – Is ea, tusa!

An bhfuil tú tiomanta, féinmhuiníneach nó dícheallach?

Ba chóir duit smaoineamh ar phost mar innealtóir. Tá an scéim printíseachta oscailte linn anois!

Ar mhaith leat post le tuarastal maith ag teacht isteach gach mí? Tabharfaidh sé seans duit cúpla punt a chur i dtaisce.

Tá muid ar lorg daoine óga atá maith ag obair mar chuid d'fhoireann nó atá sásta scileanna nua a fhoghlaim. Chomh maith le bheith ag obair le hinnealtóir, beidh deis agat freastal ar an ollscoil le céim a bhaint amach san innealtóireacht.

Má tá suim agat sa scéim seo, iarrtar ort foirm iarratais a chur isteach roimh an 3ú Nollaig.

Answer the following questions **in English**.

**(a)** What type of personality is described at the start of the notice?
Give **one** adjective.

_______________________________________________ [1]

**(b)** According to the article, what does a good salary allow you to do?

_______________________________________________ [1]

**(c)** What university degree course is mentioned?

_______________________________________________ [1]

**(d)** What must be done before the 3rd of December?

_______________________________________________ [1]

**11 A hotel review**



You read the following review of a hotel online.

## ratemyroom.com

**Ainm:** *Séamus de Brún*
**Óstán:** Óstán na Mara
**Dáta na cuairte:** 24ú Feabhra

Chuaigh mé féin agus mo bhean chéile ar cuairt chuig an óstán seo ar na mallaibh. Agus muid ag tiomáint suas lána an óstáin, bhí cuma ghalánta air mar bhí cruth an tseanchaisleáin ar an óstán féin.

Bhí muid ag dúil go mór leis an tsos. Bhí trí oíche curtha in áirithe againn ach, mar a tharla sé, níor fhan muid ach oíche amháin ann. Cé go raibh cuma dheas ar an taobh amuigh, bhí an taobh istigh seanaimseartha agus salach ó bhun go barr.

Chomh maith leis sin, ní raibh aon rud ag obair. Bhí an linn snámha druidte, bhí an teilifíseán sa tseomra briste agus ní raibh muid ábalta líonra a fháil ar na gutháin fiú amháin. Is cinnte nach raibh muid sásta.

Labhair muid leis an bhainisteoir faoi agus, cé go raibh brón air, ní dhearna sé ach dearbhán a ofráil dúinn le teacht ar ais am éigin eile. Ghlac muid leis sin agus d'imigh muid láithreach an mhaidin dár gcionn.

Tick [✓] the correct box in each of the following.

**(a)** Which of these did the hotel look like?

**(i)** 


**(ii)** 

**(iii)** 

[1]

**(b)** How long did the couple stay?

**(i)** 1 night

**(ii)** 3 nights

**(iii)** 5 nights

[1]

**(c)** Which of the following facilities was closed?

**(i)** 

**(ii)** 

**(iii)** 

[1]

**(d)** What compensation did the hotel offer?

**(i)** 

**(ii)** 

**(iii)** 

[1]

**[Turn over**

## 12 Healthy lifestyle



You see the following information online.

Bunaíodh *parkrun* nó rith páirce sa bhliain dhá mhíle agus a ceathair agus tá sé ag dul ó neart go neart ó shin. Is rás cúig chiliméadar é an rith páirce nuair a théann tú féin mar reathaí in éadan an chloig. Is comórtas leat féin é ansin gach seachtain an t-am sin a bhualadh.

Bíonn an cúrsa leagtha amach roimh ré agus bíonn oibrithe deonacha ann le cuidiú leis an rás a reáchtáil gach seachtain. Ar an mhórchuid, tosaíonn an rás ar leath i ndiaidh a naoi, is cuma cén áit a bhfuil tú.

Tá an rith páirce ag tarlú i níos mó ná fiche tír ar fud an domhain agus is í an sprioc is tábhachtaí atá acu uilig ná feabhas a chur ar shláinte an duine. Is rud maith é don chroí agus do na scamhóga ach chomh maith leis sin, cuidíonn sé leat bualadh le daoine nua.

Is cuma más lúthchleasaí nó duine mí-aclaí thú, cuirtear fáilte mhór romhat bheith ag rith, ag sodar nó ag siúl thart ar an raon reatha.

Answer the following questions **in English**.

**(a)** According to the article, who do you compete with in the parkrun?

_______________________________________________ [1]

**(b)** According to the article, what role do the volunteers have?

_______________________________________________ [1]

**(c)** According to the article, what is the main aim of the parkrun?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(d)** According to the article, who is welcome to participate?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

**BLANK PAGE**

**DO NOT WRITE ON THIS PAGE**

**BLANK PAGE**

**DO NOT WRITE ON THIS PAGE**

Sources: All images © Getty Images unless stated

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| Question Number | Marks |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| Total Marks | |

Examiner Number

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.